Cruinniú 18: Tionscadal Red Door, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Droichead Átha

Dé hAoine, an 19 Bealtaine 2023

D'fhreastail baill den Údarás Póilíneachta ar an gcruinniú i gcáil bhreathnóireachta

Cur i láthair maidir le gníomhaíocht i nDroichead Átha/an Mhí/Réigiún an Oirthuaiscirt déanta ag Aidan McKenna, Stiúrthóir Réigiúnach, Fiontraíocht Éireann Réigiún an Oirthuaiscirt. Táthar ag súil go seolfar ciste nua CFRE dar luach €145m – Scéim Réigiúnach um Nuálaíocht Fiontraíochta Chliste – ag deireadh mhí an Mheithimh. Ba cheart go dtiocfadh tionscadail le Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha (PFRanna) & le Straitéis um Speisialtóireacht Chliste na hÉireann chomh fada is a bhaineann le spriocanna atá ábhartha do dhigitiú agus don athrú go geilleagar glas d'earnáil na tionsclaíochta. Murab ionann is an ciste roimhe seo, is gairm oscailte a bheidh anseo a thabharfaidh deis obair a dhéanamh le foireann Fhiontraíocht Éireann roimh aighneacht a chur isteach.

Tá roinnt tionscnamh luath-idirghabhála sainaitheanta ag an bhfoghrúpa atá dírithe ar Thacaíocht Teaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachas, a d'fhéadfaí a chur ar bun/a fhorbairt i nDroichead Átha. Áirítear ina measc 'Teaghlaigh Phobail' agus 'Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí Óga'. Oibreoidh baill an Bhoird leis na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha ar an méid seo. Tá an foghrúpa ag leanúint ar aghaidh le freagairt fhéideartha do ghníomhaíocht luath-idirghabhála sa Phlean a athbhreithniú.

Ceadaíodh iarratas ar thacaíocht ó Thionscadal Cable Foróige chun acmhainní a fháil chun oibrí luath-idirghabhála a fhostú.

Pléadh agus ceadaíodh iarratas ar fhormhuiniú aighneachta a chuir BOOLM faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le haghaidh tionscadal nua UBU don óige i nDroichead Átha trína Measúnú Riachtanas Próifíle Ceantair agus Riachtanas Seirbhíse.

Osclaíodh seirbhís um Malartú Snáthaidí Socraithe ar an 15 Bealtaine i dTionscadal Red Door arna thacú ag FSS.

Eiseoidh FSS tairiscint i rith an tsamhraidh chun ról an cheannaire Rannpháirtíochta um Imeaglú agus Foréigean Bainteach le Drugaí a óstáil i nDroichead Átha. Is post píolótach é seo a bheidh lonnaithe i nDroichead Átha agus a bheidh ag freastal ar Réigiún an Oirthuaiscirt.

Tá roinnt post líonta i Seirbhísí Andúile FSS, atá ag freastal ar Lú, an Mhí agus Droichead Átha. Ina measc seo tá 2 x oibrí for-rochtana; 1 x ceannasaí cúraim shóisialta, 1 x oibrí tionscadail cúraim shóisialta. Chomh maith leis sin, tá post do chnáimhseach speisialaithe idirchaidrimh drugaí do CHO8 ceadaithe, agus beidh Droichead Átha faoi chúram na cnáimhsí sin.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le teorainneacha póilíneachta a ailíniú i ndeisceart Dhroichead Átha.

Thángthas ar chomhaontú maidir le ciste nua d'iasachtaí beaga do mhicreaghnóthaí i gceantar Dhroichead Átha, á maoiniú ag Comhairle Contae Lú agus Comhairle Chontae na Mí agus á mbainistiú ag Ciste Fiontraíochta Chontae Lú. Eiseofar eolas maidir le Ciste Cothaithe Dhroichead Átha sna seachtainí beaga amach romhainn.

D'oibrigh Comhairle Chontae na Mí agus Comhairle Contae Lú i gcomhpháirt ar chlár suntasach do Chruinniú na nÓg, clár atá á mhaoiniú ag Éire Ildánach mar fhreagairt ar Thuarascáil Dhroichead Átha. Beidh Lá Cruthaitheachta na Leanaí ar siúl ar an Satharn, an 10 Meitheamh, agus tá Ionad Ealaíon Dhroichead Átha freagrach as imeachtaí an lae a reáchtáil. Tá conair iomlán cheardlann Lú agus Oirthear na Mí le fáil anseo.

Tarraingíodh aird ar chomhfhreagras ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir leis an leithdháileadh de €80,000 chun cead pleanála a fháil do Mhol Pobail Bhaile Fearainn na Mónadh Móire.